

**Prionsabail Dea-Chleachtais**  
**d'Eagraíochtaí chun Cláir Oiliúna**  
**Tús Áite do Leanaí a Fhorbairt**

---

**Children  
First**

**TÚSLA**

An Ghníomhaireacht um  
Leanaí agus an Teaghlach  
Child and Family Agency





# Clár Ábhar

Réamhrá	1
Clár ríomhfhoghlama Tusla maidir le Tús Áite do Leanaí	2
Beartais agus nósanna imeachta eagraíochta cosanta: feasacht agus oiliúint um chosaint leanaí	2
An struchtúr a mholtar do chláir oiliúna	5
1. Tús Eolais maidir le Tús Áite do Leanaí	5
2. Tús Áite do Leanaí a chur i bhfeidhm inár seirbhís	7
Cláir oiliúna a sholáthar agus a mheasúnú	9
Prionsabal 1: Ábhar buntábhachtach cláir	9
Prionsabal 2: Soláthar éifeachtach	10
Prionsabal 3: Meicníochtaí dearbhaithe cáilíochta	10

# Réamhrá

Leagtar amach sa cháipéis seo treoir chun cabhrú le d'eagraíocht oiliúint shonrach um chosaint agus leas leanaí a shainaithint agus a bhaint amach (faoi mar a shainaithnítear in *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta*).

Gné lárnach de chur i bhfeidhm bheartais agus nósanna imeachta um chosaint d'eagraíochta is ea an fhreagracht atá ar d'eagraíocht a chur in iúl as a chinntiú go sainaithníonn d'eagraíocht an méid seo a leanas:

- ⇒ Cén oiliúint a theastaíonn ó d'fhoireann agus d' oibrithe deonacha;
- ⇒ Go gcuirtear oiliúint agus faisnéis chuí faoi chosaint agus leas leanaí ar fáil don fhoireann agus oibrithe deonacha..

*Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta* an treoir seo a leanas maidir le hoiliúint foirne:

- ⇒ Ba cheart do d'eagraíocht faisnéis ar chaighdeán maith a sholáthar do gach comhalta foirne agus oibrí deonach maidir le buarthaí faoi chosaint agus leas leanaí a aithint agus a thuairisciú.
- ⇒ Anuas air sin, ba cheart go n-áireofaí leis an oiliúint faisnéis shoiléir faoi ról na ngníomhaireachtaí reachtúla atá freagrach go príomha as cosaint agus leas leanaí, ina measc, Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus an Garda Síochána;
- ⇒ Má tá fostaithe i d'eagraíocht ar daoine faoi shainordú iad faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, ba cheart duit a chinntiú, chomh maith leis sin, go gcuirtear oiliúint shonrach ar fhreagrachtaí na ndaoine faoi shainordú faoin Acht ar fáil dóibh;
- ⇒ Má tá duine ainmnithe idirchaidrimh nó leas-duine ainmnithe idirchaidrimh ag d'eagraíocht, ba cheart duit a chinntiú go gcuirtear faisnéis agus oiliúint leordhóthanach ar chosaint agus leas leanaí ar fáil dóibh lena chur ar a gcumas chun tabhairt faoin ról seo.

## Clár ríomhfhoghlama Tusla maidir le Tús Áite do Leanaí

D'fhorbair Tusla clár oiliúna ríomhfhoghlama ar a dtugtar 'Tús Eolais maidir le Tús Áite do Leanaí'. Is féidir teacht air seo trí láithreáin ghréasáin Tusla ([www.tusla.ie](http://www.tusla.ie)) nó na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige ([www.dcy.gov.ie](http://www.dcy.gov.ie)) agus cuimsíonn sé na hábhair seo a leanas:

- ⇒ Mí-úsáid leanaí a aithint agus a thabhairt le fios;
- ⇒ Ról daoine faoi shainordú;
- ⇒ Freagrachtaí eagraíochtaí a oibríonn le leanaí chun leanaí a chosaint;
- ⇒ Ról daoine ainmnithe idirchaidrimh.

Glacann sé thart ar 90 nóiméad chun é a chomhlánú.

Áirítear leis an gclár oiliúna ríomhfhoghlama measúnú. Is féidir le duine ar bith a n-éiríonn leo an clár a chomhlánú agus a bhaineann pas amach sa mheasúnú deimhniú críochnaithe a íoslódáil.

Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh an clár oiliúna ríomhfhoghlama a bheith ina uirlis áisiúil d'eagraíochtaí i bpróisis réamh-ionduchtúcháin nó ionduchtúcháin nuair a bhíonn foireann nó oibrithe deonacha á n-earcú.

## Beartais agus nósanna imeachta eagraíochta cosanta: feasacht agus oiliúint um chosaint leanaí

Cuireann d'eagraíocht do bheartais agus nósanna imeachta um chosaint leanaí le chéile chun tacú le cur i bhfeidhm an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta*.

Beidh an oiliúint chuí le cur ar an bhfoireann go léir laistigh de d'eagraíocht, agus aird ar a róil. Seo a leanas samplaí de roinnt de na róil a d'fhéadfadh bheith ag an bhfoireann agus an t-eolas a d'fhéadfaidís a fháil.

## Bainistíocht

Baineann ríthábhacht le ceannairí d'eagraíochta maidir le beartais eagraíochta a leabú agus caithfidh bainisteoirí, ar an ábhar sin, a bheith sásta maidir leis an méid seo a leanas:

- ⇒ Tá cur amach ag an bhfoireann nó oibrithe deonacha go léir a d'fhéadfadh bheith in ann buairt um chosaint nó leas leanaí a shainaithint ar na nósanna imeachta ar gá dóibh cloí leo;
- ⇒ Tá a dtuairiscí díreacha agus gach bainisteoir líne eile ar an eolas ar an nós imeachta cuí atá le leanúint má bhíonn aon úsáideoir seirbhíse thíos le díobháil mar thoradh ar an tseirbhís a úsáid agus/nó má dhéantar líomhain i leith mí-úsáide in aghaidh comhalta foirne;
- ⇒ Tacaíonn an struchtúr bainistíochta leis an duine/na daoine ainmnithe idirchaidrimh chun sainchúram an róil seo a bhaint amach;
- ⇒ Má tá an tseirbhís faoi réir cigireachta, go bhfuil cur amach ag an bhfoireann go léir ar na caighdeáin ábhartha a shonraítear agus go bhfuil siad á mbaint amach maidir le cosaint agus leas leanaí;
- ⇒ Sa chás go bhfuil cistiú á fháil ag a n-eagraíocht, go sásaíonn siad an méid riachtanach a bhfuil súil leis ag an maoinitheoir i ndáil le gach gné chúí a chuirtear in iúl in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta agus san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

Caithfidh an bhainistíocht a chinntiú go scaoiltear an fhoireann agus oibrithe deonacha ó dhualgas, sa chás gur gá, chun aghaidh a thabhairt ar oiliúint um chosaint agus leas leanaí agus chun deimhniúchán a bhaint amach lena chur in iúl gur fhreastail siad.

Tá an bhainistíocht freagrach, chomh maith, as próisis a shainaithint chun na sonraí agus na taifid freastail ag cláir oiliúna agus deimhniúchán a bhfoirne agus a n-oibrithe deonacha i dtaobh freastal ar oiliúint a bhailiú.

## Foireann riaracháin

D'fhéadfadh nach bhfuil baint ag an bhfoireann riaracháin go díreach in obair le leanaí agus teaghlaigh, bíonn údar ag go leor comhaltaí foirne riaracháin, áfach, chun labhairt nó teagmháil a dhéanamh le húsáideoirí seirbhíse agus, ar an ábhar sin, féadfaidh siad faisnéis a fháil maidir le leas agus sábháilteacht linbh. De bhreis air sin, féadfaidh an fhoireann riaracháin tuairiscí a chlósáil

nó na cinní a rinne an bhainistíocht nó an fhoireann maidir leis an bhfreagairt eagraíochta ar shaincheisteanna um chosaint agus leas leanaí a thaifeadh/miontuairiscí a scríobh fúthu. Nuair a chuirtear na feidhmeanna seo san áireamh, tá sé buntábhachtach go mbíonn cur amach iomlán ag an bhfoireann riaracháin sin ar bheartais na heagraíochta maidir le cosaint agus leas leanaí agus go gcloíonn siad leo seo.

---

### Foireann a oibríonn go díreach le leanaí

Is féidir le haon chomhalta foirne a oibríonn go díreach le leanaí cásanna a shainaithint gan stró ina bhféadfadh cosaint a bheith ag teastáil ó leanaí. Mar thoradh air sin, tá ar aon chomhalta foirne den saghas sin a bheith in ann a mbuarthaí, an méid a chonaic siad nó a nochtadh a aithint, freagairt orthu agus, más gá, a thabhairt le fios do Tusla. Teastaíonn oiliúint uathu, chomh maith, ar an méid a mbíonn a n-eagraíocht ag súil leis uathu maidir le beartais agus nósanna imeachta um chosaint.

---

### Foireann a oibríonn go díreach le daoine fásta

Is féidir le foireann a oibríonn go díreach le daoine fásta, chomh maith céanna, a shainaithint gan stró má chruthaíonn duine fásta a bhfuil siad ag oibriú leo aon riosca do leanaí (d'fhéadfadh an riosca sin a bheith imthoisceach nó toiliúil). B'fhéidir go mbeidh an grúpa seo foirne in ann tacú leis an duine fásta chun aghaidh a thabhairt ar an idirghabháil a mholtar chun an leanbh a chosaint agus, ar an ábhar sin, teastaíonn oiliúint orthu chun riosca a aithint, a fhreagairt air agus, más gá, a thabhairt le fios do Tusla. Teastaíonn oiliúint uathu, chomh maith, ar an méid a mbítear ag súil leis uathu faoi bheartais agus nósanna imeachta na heagraíochta.

---

### Foireann a sholáthraíonn fosheirbhísí d'úsáideoirí seirbhíse

Caithfidh foireann tacaíochta eile (póirtéirí, foireann cheaintín, foireann gharraíodóireachta, etc.) cur amach a bheith acu ar a n-oibleagáidí chun cloí le beartais agus nósanna imeachta a n-eagraíochta maidir le cosaint agus leas leanaí.

# An struchtúr a mholtar do chlár oiliúna

Cé gur ceist ar gá do na heagraíochtaí féin aghaidh a thabhairt uirthi atá i bhformáid clár oiliúna, molann Tusla anseo ábhar do dhá chlár oiliúna chun freastal ar riachtanais na foirne agus oibrithe deonacha. Is iad na clár a mholtar **Tús Eolais maidir le Tús Áite do Leanaí** agus **Tús Áite do Leanaí a Chur i bhFeidhm inár Seirbhís**.

## 1. Tús Eolais maidir le Tús Áite do Leanaí

*Tabhair faoi deara, le do thoil, baineann clár oiliúna ríomhfhoghlama ‘Tús Eolais maidir le Tús Áite do Leanaí’ na torthaí foghlama a liostaítear thíos amach agus tá sé ar fáil ar láithreán gréasáin Tusla, [www.tusla.ie](http://www.tusla.ie).*

### Torthaí Foghlama

Ag deireadh an chláir seo, beidh an méid seo a leanas bainte amach ag foghlaimeoirí:

1. Eolas ar an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus ar *Thús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta*;
2. Tuiscint ar ról Tusla agus an Gharda Síochána chun leanaí a chosaint;
3. Tuiscint ar ról agus freagrachtaí daoine atá faoi shainordú, faoi mar a shanntar faoin reachtaíocht;
4. Tuiscint ar ról agus freagrachtaí daoine ainmnithe idirchaidrimh;
5. Eolas ar na saghsanna agus gnéithe mí-úsáide;
6. Eolas ar thosca a d’fhéadfadh leanaí a fhágáil níos leochailí i dtaobh díobhála;
7. Treoir chun freagairt ar nochtadh mí-úsáide a rinne leanbh;
8. Athbhreithniú déanta ar na húdair réasúnta go mbíonn daoine buartha agus ar na tairseacha chun tuairisciú a dhéanamh;
9. Eolas ar an tábhacht a bhaineann le rúndacht agus taifid a choimeád;
10. Eolas ar conas buarthaí faoi chosaint agus leas leanaí a thabhairt le fios.



### **Acmhainní atá ar fáil chun tacú leis an gclár seo**

An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2015/act/36/enacted/en/pdf>

*Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí* (2017)  
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige [https://www.dcy.gov.ie/viewdoc.asp?fn=%2Fdocuments%2FChildren\\_First%2FChildrenFirstGuidance.htm&mn=chie3g&nID=2](https://www.dcy.gov.ie/viewdoc.asp?fn=%2Fdocuments%2FChildren_First%2FChildrenFirstGuidance.htm&mn=chie3g&nID=2)

*Treoir chun Buarthaí faoi Chosaint agus Leas Leanaí a Thuairisciú* (2017)  
Tusla – an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach <http://www.tusla.ie/leanaí-chéad/foilseacháin-foirmeacha/>

*Treoir maidir le Ráiteas um Chosaint Leanaí a Fhorbairt* (2017) Tusla – an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach <http://www.tusla.ie/children-first/publications-and-forms/>

*Prótacal Cúnta Sainordaithe d'Fhoireann Tusla* (2017) Tusla – an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach <http://www.tusla.ie/children-first/publications-and-forms/>


*'Tús Eolais maidir le Tús Áite do Leanaí' clár oiliúna ríomhfhoghlama* (2017)  
Tusla – an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach <http://www.tusla.ie/children-first/children-first-elearning-programme>

Láithreán gréasáin na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige, [www.dcy.gov.ie](http://www.dcy.gov.ie)

Láithreán gréasáin Tusla, [www.tusla.ie](http://www.tusla.ie)

### **An t-am a theastaíonn chun an clár seo a sholáthar**

Nuair a chuirtear san áireamh an cumas atá ag foghlaimoirí agus na comhthéacsanna ina n-oibríonn eagraíochtaí éagsúla, is deacair a bheith cinnte faoin am a theastaíonn chun an clár seo a sholáthar. Féadfaidh eagraíochtaí a roghnú chun roinnt formáidí a úsáid chun cláir a sholáthar, e.g. ríomhfhoghlaim, seisiúin faisnéise, soláthar aghaidh ar aghaidh ó thaithí, etc. Má sholáthraítear é mar chlár aghaidh ar aghaidh idirghníomhach/ó thaithí, d'fhéadfadh sé idir cúig agus sé huaire an chloig a ghlacadh chun an clár a sholáthar.



.....

## 2. Tús Áite do Leanaí a chur i bhfeidhm inár seirbhís

### Torthaí Foghlama

Ag deireadh an chláir seo, beidh an méid seo a leanas bainte amach ag foghlaimeoirí:

1. Athbhreithniú déanta ar ról shonracha foirne agus oibrí dheonaigh chun buarthaí faoi chosaint agus leas leanaí a aithint agus a thabhairt le fios faoi *Thús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta* agus an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015;
2. Athbhreithniú déanta ar bheartais agus nósanna imeachta na seirbhíse ar mhaithe le cosaint agus leas leanaí;
3. Tuiscint ar ról chomhaltaí agus freagrachtaí foirne mar dhaoine faoi shainordú;
4. Tuiscint ar ról chomhaltaí agus freagrachtaí comhaltaí foirne mar dhaoine faoi shainordú;
5. Eolas ar nós imeachta na heagraíochta nuair a dhéantar buarthaí um chosaint leanaí a thabhairt le fios;
6. Eolas ar bheartais agus nósanna imeachta na heagraíochta chun taifid a choimeád;
7. Eolas ar na caighdeáin iompair a theastaíonn faoi chód iompair na heagraíochta;
8. Eolas ar na caighdeáin a iarann na comhlachtaí iniúchóireachta ar an tseirbhís a bhaint amach maidir le cosaint agus leas leanaí (má iarrtar).

## Acmhainní a theastaíonn fáil chun tacú leis an gclár seo

Cóipeanna de bheartais agus nósanna imeachta féin um chosaint na heagraíochta

An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015 <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2015/act/36/enacted/en/pdf>

*Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí* (2017) An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige [https://www.dcy.gov.ie/viewdoc.asp?fn=%2Fdocuments%2FChildren\\_First%2FChildrenFirstGuidance.htm&mn=chie3g&nID=2](https://www.dcy.gov.ie/viewdoc.asp?fn=%2Fdocuments%2FChildren_First%2FChildrenFirstGuidance.htm&mn=chie3g&nID=2)

*Treoir chun Buarthaí faoi Chosaint agus Leas Leanaí a Thuairisciú* (2017) Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach <http://www.tusla.ie/leanaí-chéad/foilseacháin-foirmeacha/>

*Treoir maidir le Ráiteas um Chosaint Leanaí a Fhorbairt* (2017) Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach <http://www.tusla.ie/children-first/publications-and-forms/>

*Prótacal Cúnta Sainordaithe d'Fhoireann Tusla* (2017) Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach <http://www.tusla.ie/children-first/publications-and-forms/>

Láithreán gréasáin na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige, [www.dcy.gov.ie](http://www.dcy.gov.ie)

Láithreán gréasáin, [www.tusla.ie](http://www.tusla.ie)

## An t-am a theastaíonn chun an clár seo a sholáthar

Nuair a chuirtear san áireamh an cumas atá ag foghlaimeoirí agus na comhthéacsanna ina n-oibríonn eagraíochtaí éagsúla, is deacair a bheith cinnte faoin am a theastaíonn chun an clár seo a sholáthar. Féadfaidh eagraíochtaí a roghnú chun roinnt formáidí a úsáid chun cláir a sholáthar, e.g. ríomhfhoghlaim, seisiúin faisnéise, soláthar aghaidh ar aghaidh ó thaithí, etc. Má sholáthraítear é mar chlár oiliúna aghaidh ar aghaidh idirghníomhach/ó thaithí, d'fhéadfadh sé idir trí agus cúig huaire an chloig a ghlacadh chun an clár a sholáthar.

# Cláir oiliúna a sholáthar agus a mheasúnú

Beidh rannóga inmheánacha oiliúna ag roinnt eagraíochtaí ina sanntar an fhoireann oiliúna agus forbartha do ghnáthsholáthar oiliúna rialta a bhfoirne. Beidh foireann sainaitheanta ag roinnt eagraíochtaí a mbeidh ar chumas acu chun cláir a sholáthar dá gcomhghleacaithe, mar gheall ar thaithí chleachtais nó ar chúiseanna cuí eile.

In éagmais na n-acmhainní inmheánacha siúd, déanfaidh roinnt eagraíochtaí oiliúnóirí seachtracha a sholáthar/a choimisiúnú chun cláir a sholáthar dá bhfoireann.

I ngach cás, déanfaidh na prionsabail seo a leanas dea-chleachtas a threorú.

## Prionsabal 1: Ábhar buntábhachtach cláir

Moltar, de réir dea-chleachtais, gur cheart d'eagraíochtaí an méid a leanas a chinntiú nuair a bhaintear an prionsabal seo amach:

- ⇒ Tá ábhar an chlár ar aon dul leis na riachtanais foghlama a shainaithin d'fhoireann;
- ⇒ Tá an t-ábhar go léir bunaithe ar thaighde, beartas, reachtaíocht agus treoir chleachtais reatha;
- ⇒ Déantar aon chlár den saghas sin a nuashonrú ar aon dul le téamaí ó aiseolas ó rannpháirtithe agus ó thaighde, fianaise agus forbairtí atá ag teacht chun cinn;
- ⇒ Déanfaidh aon chlár den saghas sin tagairt d'fhéinchúram agus íogaíreacht rannpháirtithe.

## Prionsabal 2: Soláthar éifeachtach

Moltar, de réir dea-chleachtais, gur cheart d'eagraíochtaí an méid a leanas a chinntiú nuair a bhaintear an prionsabal seo amach:

1. Úsáidtear modhanna idirghníomhacha soláthair, a chuimsíonn teoiric/stíleanna cuí do dhaoine fásta; 2. Tá na teachtaireachtaí agus an fhaisnéis a sholáthraítear ar aon dul le *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta*;
2. Tá soláthar soiléir, cruinn agus ábhartha i dtaobh róil agus freagrachtaí rannpháirtithe;
3. Tá faisnéis nasctha le saincheisteanna cleachtais;
4. Tá soláthar gairmiúil, cuimsitheach agus léiríonn sé meas;
5. Tá meicníochtaí chun measúnú a dhéanamh ar sholáthar oiliúna i bhfeidhm.

## Prionsabal 3: Meicníochtaí dearbhaithe cáilíochta

Moltar, de réir dea-chleachtas meicníochtaí dearbhaithe cáilíochta, gur cheart d'eagraíochtaí a bheith sásta faoin méid seo a leanas nuair a bhaintear an prionsabal seo amach:

1. Tá ábhar agus soláthar an chláir oiliúna ar aon dul le prionsabail 1 agus 2 thuas;
2. Tá an oiliúint chuí ar mheicníochtaí coimeádta taifead forbartha agus ag oibriú go héifeachtach;
3. Baineann rannpháirtithe torthaí foghlama amach go comhsheasmhach;
4. Ní eisítear deimhnithe ach do rannpháirtithe a d'fhreastail ar an oiliúint ina hiomláine;
5. Tá córais mheasúnaithe d'ábhar cláir i bhfeidhm;
6. Tá córais mheasúnaithe do sholáthar cláir i bhfeidhm;

**Go hachomair:** Tá lucht bainistíochta eagraíochtaí aonair freagrach as measúnú a dhéanamh ar inniúlacht agus ar riachtanais oiliúna na foirne maidir le leanaí a chosaint. Tugtar sa cháipéis seo treoir agus is féidir le heagraíochtaí í a úsáid mar thagarmharc chun a n-oiliúint féin um chosaint agus leas leanaí a fhorbairt nó chun athbhreithniú a dhéanamh ar chláir oiliúna a dhéanann siad a rochtain dá bhfoireann.

Children  
First

TÚSLA

An Ghníomhaireacht um  
Leanaí agus an Teaghlach  
Child and Family Agency